# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/236 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Feabhra 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine ([1]) nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Ní thugann an tAontas Eorpach aitheantas don ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar an gCrimé agus Sevastopol agus leanann sé den ionghabháil sin a cháineadh agus dá bhrí sin, ní thugann sé aitheantas do na toghcháin, mar a ghairtear díobh, a reáchtáladh i leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach.

(3) Tar éis do Chónaidhm na Rúise toghcháin, mar a ghairtear díobh, a eagrú i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gCathair Sevastopol don Dúma Stáit i mí Mheán Fómhair 2021, measann an Chomhairle gur cheart cúigear a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlitheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 iad mar gheall ar an ról atá acu maidir leis an mbonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirfear na daoine a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

---

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "204. | Aleksei Yurievich CHERNIAK<br>(Алексей Юрьевич ЧЕРНЯК) | Inscne: Fireann<br>Dáta breithe: 27.8.1973<br>Áit bhreithe: Alma-Ata, PSS Kazakh (dá ngairtear an Chasacstáin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach | Comhalta de State Duma of the Russian Federation ón 19 Meán Fómhair 2021 i leith. Tofa ó 'Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé', a ionghabhadh go neamhdhleathach, i 'toghcheantar Simferopol', mar a ghairtear de.<br>Comhalta den pháirtí rialaithe United Russia.<br>Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, d'oibrigh sé chun 'Poblacht na Crimé', mar a ghairtear di, a lánpháirtiú a thuilleadh i gCónaidhm na Rúise agus ar an gcaoi sin thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 21.2.2022 |
| 205. | Leonid Ivanovich BABASHOV<br>(Леонид Иванович БАБАШОВ) | Inscne: Fireann<br>Dáta breithe: 31.1.1966<br>Áit bhreithe: Petrovka, Crimea, Oblast, PSS na hÚcráine (dá ngairtear an Úcráin anois) | Comhalta de State Duma of the Russian Federation ón 19 Meán Fómhair 2021 i leith. Tofa ó 'Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé', a ionghabhadh go neamhdhleathach, i 'toghcheantar Yevpatoria', mar a ghairtear de.<br>Comhalta den pháirtí rialaithe United Russia.<br>Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, d'oibrigh sí chun 'Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé', a ionghabhadh go neamhdhleathach, a lánpháirtiú a thuilleadh i gCónaidhm na Rúise agus, ar an gcaoi sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 21.2.2022 |
| 206. | Tatiana Georgievna LOBACH<br>(Татьяна Георгиевна ЛОБАЧ) | Inscne: Baineann<br>Dáta breithe: 8.1.1974<br>Áit bhreithe: Khmelnytskyi, PSS na hÚcráine (dá ngairtear an Úcráin anois) | Comhalta de State Duma of the Russian Federation ón 19 Meán Fómhair 2021 i leith. Tofa ó Chathair Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach, i 'toghcheantar Sevastopol', mar a ghairtear de.<br>Comhalta den pháirtí rialaithe United Russia.<br>Ag gníomhú di sa cháil sin a ghlac sí uirthi féin, d'oibrigh sí chun Cathair Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach, a lánpháirtiú a thuilleadh i gCónaidhm na Rúise agus, ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sí beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 21.2.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 207. | Nina Sergeevna FAUSTOVA<br>(Нина Сергеевна ФАУСТОВА) | Inscne: Baineann<br>Dáta breithe: 11.7.1983<br>Áit bhreithe: Kyzyl, Republic of Tuva, PCSS na Rúise (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) | Ceann choimisiún toghcháin Sevastopol, a bhí páirteach in eagrú na dtoghchán, mar a ghairtear díobh, a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair 2021 i 'Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé',, a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus i gCathair Sevastopol.<br>Ag gníomhú di sa cháil sin a ghlac sí uirthi féin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh, agus chuir sí na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme. | 21.2.2022 |
| 208. | Aleksandr Evgenevich CHMYHALOV<br>(Александр Евгеньевич ЧМЫХАЛОВ) | Inscne: Fireann<br>Dáta breithe: 13.6.1990 | Leas-Ceann ar an gcoimisiún toghcháin Sevastopol, a ghlac pháirt in eagrú na dtoghchán, mar a ghairtear díobh, a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair 2021 i 'Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé', a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus i gcathair Sevastopol.<br>Comhalta den pháirtí rialaithe 'United Russia'.<br>Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme. | 21.2.2022" |